


Irish

Scagthástáil ar ailse putóige

Na fíricí



Irish



Is é do rogha féin é bheith páirteach sa scagthástáil le haghaidh ailse putóige nó gan a bheith páirteach. Cuideoidh an t-eolas seo leat cinneadh a dhéanamh.

Cén fáth ar cheart scagthástáil a dhéanamh le haghaidh ailse putóige?

- Cuirimid scagthástáil ar fáil le chun ailse putóige a aimsiú ag céim luath i ndaoine nach bhfuil aon siomptóm orthu. Is é seo an pointe ina mbíonn seans níos mó ann go mbeidh an chóir leighis éifeachtach.
- Is féidir polaipí a aimsiú leis an scagthástáil fosta. Is é is polaip ann ná cnuasach ceall sa phutóg, nach cealla ailse iad, ach a d'fhéadfadh tiontú ina gcealla ailse le himeacht ama. Is féidir polaipí a bhaint go furasta, rud a laghdaíonn an seans go dtarlódh ailse putóige.
- Laghdaíonn scagthástáil rialta le haghaidh ailse putóige an seans go bhfaigheadh tú bás mar gheall ar ailse putóige.

Cé air a bhfuil an scagthástáil dírithe?

I dTuaisceart Éireann, tá scagthástáil le haghaidh ailse putóige dírithe ar dhaoine atá idir 60 bliain d'aois agus 74 bliana d'aois nach bhfuil aon siomptóm orthu faoi láthair. Gach dhá bhliain, tabharfar cuireadh le bheith páirteach sa scagthástáil do gach duine san aoisghrúpa seo atá cláraithe le dochtúir ginearálta.

Cad é an rud é an phutóg?

Is cuid de do chóras díleá í an phutóg. Sa phutóg, glactar cothaithe agus uisce ón bhia agus athraítear an méid atá fágtha go cac (ar a chuirtear faecas fosta).



Cad is ailse putóige ann?

- Tugtar ailse drólainne, ailse reicteach agus ailse cholaireacteach ar ailse putóige fosta.
- Tiocfaidh ailse putóige ar thart ar dhuine amháin i ngach 20 duine ina saol.
- Is í ailse putóige an ceathrú foirm is coitianta d'ailse i measc na bhfear agus na mban i dTuaisceart Éireann.
- Is coitianta ailse putóige i measc daoine scothaosta, agus i measc fir scothaosta go háirithe.

Na rioscaí a bhaineann le hailse putóige a fháil

Tá an baol ann do gach duine, fir agus mná, go mbeidh ailse putóige orthu. I measc na rudaí gur féidir an baol seo a mhéadú, tá:

- dul anonn in aois (tá ochtar as gach deichniúr a bhfuil ailse putóige orthu thar 60 bliain d'aois);
- gan a bheith gníomhach go leor;
- a bheith róthrom;
- aiste bia a bheith agat ina bhfuil a lán feoil dhearg agus feoil phróiseáilte, agus nach bhfuil mórán glasraí, torthaí ná snáithín ann;
- caitheamh tobac;
- barraíocht alcóil a ól;
- diaibéiteas chineál 2 a bheith ort;
- galar athlasta putóige (drólainníteas othrasaithe nó galar Crohn) a bheith ort;
- ailse putóige a bheith ar dhaoine eile sa teaghlach.

Cad a lorgáítear sa scagthástáil?

Aimsítear sa scagthástáil fuil i do chac (fuil nach féidir a fheiceáil leis an tsúil amháin). D'fhéadfadh seo a bheith ina luathchomhartha rabhaidh go bhfuil rud éigin contráilte. Má aimsítear roinnt fola sa tástáil, ní chiallaíonn sé sin gur cinnte go bhfuil ailse putóige ort. Ina ionad sin, ciallaíonn sé gur cheart duit dul faoi scrúdú leighis chun go n-aimseofaí an chúis leis an fhuil sa chac.

Cad é mar a dhéantar an scagthástáil?

Gheobhaidh tú trealamh tástála sa phost. Is í an trealamh tástála an chéad chéim i bpróiseas tástála a bhféadfadh go mbeidh tuilleadh tástálacha agus ceann amháin nó níos mó de chuirteanna otharlainne i gceist leis.

Cad é mar a dhéanaim an tástáil?

- Déantar an tástáil i bpríobháideacht do thí. Tógann tú sampla an-bheag caca agus an maide tástála a sholáthraítear a úsáid. Isteach leis an trealamh tástála, tá treoracha maidir leis an dóigh chun an tástáil a dhéanamh.
- Tá líne chabhrach shaorghlao ann **0800 015 2514** ar féidir leat glaoch uirthi má tá aon cheist agat ar an dóigh leis an trealamh tástála a úsáid nó má tá trealamh tástála eile nó clúdach lena chur ar ais de dhíth.
- Tá físeán ar fáil fosta ag nidirect.gov.uk/bowel-screening
- Mura bhfuil tú cinnte ar chóir duit an scagthástáil a dhéanamh nó nár chóir, cur scairt ar an líne chabhrach, le do thoil. Mar shampla, más é an cas é go raibh obráid agat agus go bhfuil oscailt shaorga agat a ligeann do chac dul isteach i mála (stóma) ansin b'fhéidir go mbeifeá ag iarraidh glaoch orainn sula ndéanann tú an tástáil.

Cén uair a gheobhaidh mé mo thorthaí?

Ba cheart go bhfaighfeá do thorthaí laistigh de choicís i ndiaidh duit an tástáil a sheoladh isteach – mura bhfaigheann tú iad, cuir scairt ar an líne chabhrach, le do thoil.

Cé chomh hiontaofa is atá an tástáil?

- Ní féidir scagthástáil a úsáid chun a chur in iúl an bhfuil ailse putóige ort nó nach bhfuil. Is í an fheidhm bhunúsach atá léi ná daoine a chur isteach ina dhá ghrúpa – na daoine sin nach bhfuil tástáil bhreise de dhíth orthu agus na daoine sin ar cheart dóibh dul faoi thástálacha breise.
- Is féidir le réimse siomptóm a bheith ann mar thoradh ar ailse putóige. Cionn is go lorgaítear fuil sa scagthástáil, bíonn seans ann leis an scagthástáil nach n-aimseofar gach sórt ailse putóige mura bhfuil fuiliú i gceist léi.
- Níl aon tástáil iontaofa go hiomlán. Dá bhrí sin, má bhíonn ceann ar bith de na siomptóim atá liostaithe ar leathanach 7 ort, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir ginearálta, fiú i gcás gur glan a bhí an tástáil dheireanach a rinne tú. Is féidir le hailse teacht ar dhuine idir tástálacha.

Cad é a chiallaíonn na torthaí?

Níl aon tástáil eile de dhíth faoi láthair. Bíonn an toradh seo ag formhór na ndaoine (thart ar 98 as 100). Ciallaíonn sé seo nár tháinig muid ar fhuil ar bith i do shampla, nó ar phársa beag bídeach atá laistigh den raon scagthástála. Ní cinntiú é seo nach bhfuil ailse putóige ort, ná nach dtiocfaidh ailse putóige ort san am atá le teacht. Tá sé an-tábhachtach a bheith eolach ar na siomptóim a bhaineann le hailse putóige. Tabharfar an deis duit scagthástáil le haghaidh ailse putóige a dhéanamh arís gach dhá bhliain go dtí go bhfuil tú 74 bliana d’aois.

Tuilleadh tástálacha de dhíth. Bíonn an toradh seo ag thart ar bheirt as gach 100 duine. Ciallaíonn sé seo gur tháinig muid ar mhéid fola a bhí thar an raon scagthástála i do chac. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil ailse ort, ach ba cheart duit dul faoi scrúdú leighis chun go n-aimseofaí an chúis leis an fhuil sa chac. Is féidir le fuil a bheith i gcac mar gheall ar roinnt cúiseanna éagsúla, amhail:

- haemaróidí (fíocais);
- polaipí putóige;
- ailse putóige.

Tabharfar coinne duit le Sainchleachtóir Scagthástála (SSP) leis na chéad chéimeanna eile a phlé. Tugtar ionscópacht ar an drólann ar an tástáil is coitianta.

Irish



Cad is ionscópacht ar an drólann ann?

- Le linn ionscópacht ar an drólann, úsáidtear ceamara an-bheag atá suite ar cheann feadáin thanaí chun an dochtúir nó an t-altra a chumasú do phutóg a chuardach le haghaidh polaipí nó comharthaí ailse. Uaireanta, tógtar sampla beag den phutóg lena scrúdú faoi mhicreascóp chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil aon chealla ailse ann.
- Amhail i gcás fhormhór na ngnáthamh leighis, tá an fhéidearthacht ann go dtiocfaidh aimhréidheanna aníos. I gcás gach 10,000 ionscópacht ar an drólann a dhéantar, is féidir go mbeidh fuil ann i thart ar 67 gcás agus go bpollfar an phutóg i níos lú ná 10 gcás. I gcás go dtarlóidh sé sin, beidh obráid de dhíth i mbeagnach gach cás chun an poll a dheisiú. I gcásanna fíorannamha, is féidir le hionscópacht ar an drólann a bheith ina chúis le bás (tugtar le fios san fhianaise go dtarlaíonn sé sin uair amháin i ngach 10,000 cás).
- Má thairgtear ionscópacht ar an drólann duit, beidh deis agat aon cheist nó aon ábhar imní a phlé leis an sainchleachtóir scagthástála.

Cad a tharlóidh i gcás go léireofar san ionscópacht ar an drólann go mbeidh tuilleadh cóireála de dhíth orm?

I gcás go mbeidh tuilleadh cóireála de dhíth ort, cuirfear thú chuig an speisialtóir is cuí. I gcás gur baineadh polaipí le linn ionscópacht ar an drólann, mar shampla, is féidir go n-iarrfar ort freastal ar ionscópacht eile ar an drólann tamall ina dhiaidh.

Ní dócha go mbeidh ailse putóige ort. Ach má thagann ailse putóige ort, cuirfear chuig foireann de speisialtóirí thú a thabharfaidh aire duit. Is í obráid an phríomhchóireáil le haghaidh ailse putóige. I gcásanna áirithe, is féidir go dtairgfídh na speisialtóirí ceimiteiripe nó radaiteiripe duit.

Ní féidir gach ailse putóige a aimsítear le scagthástáil a leigheas. Ach do dhaoine ina aimsítear ailse putóige ag an chéim is luaithe, bíonn 90% acu beo go fóill cúig bliana ina dhiaidh.

Cad iad na buntáistí agus na rioscaí a bhaineann le scagthástáil le haghaidh ailse putóige?

Cuideoidh sé leat roghnú an mbeidh tú páirteach i scagthástáil le haghaidh ailse putóige nó nach mbeidh má tá tú eolach ar na buntáistí agus ar na rioscaí a bhaineann léi.

Buntáistí

- laghdaítear an baol go bhfaighidh tú bás mar gheall ar ailse putóige
- tugtar deis mínormáltachtaí (amhail polaipí) a aimsítear le hionscópacht ar an drólann a bhaint, rud a laghdaíonn an baol go dtiocfaidh ailse putóige ort
- is féidir an scagthástáil a dhéanamh go príobháideach sa bhaile

Rioscaí

- d'fhéadfadh cóireáil a bheith ina cúis d'aimhréadheanna, mar shampla le linn nó i ndiaidh ionscópachta ar an drólann
- d'fhéadfadh ailse a bheith ann nach n-aimsítear nuair a dhéantar an tástáil mar nach raibh fuiliú i gceist léi

Na siomptóim ar cheart duit súil a choinneáil amach dóibh

Is féidir leis na siomptóim seo a leanas a bheith i measc shiomptóim na hailse putóige:

- fuil i do chac;
- cac níos scaoilte, cac a dhéanamh ar bhonn níos minice agus/nó iatacht;
- pian nó cnap i do bholg;
- bheith níos tuirsí ná mar is gnách le tamall anuas;
- meáchan a chailleadh gan aon chúis shoiléir.

Ní tástáil le haghaidh siompóm í an scagthástáil le haghaidh ailse putóige. Má bhíonn ceann ar bith de na siomptóim seo ort ar feadh trí seachtaine nó tréimhse níos faide, labhair le do dhochtúir ginearálta. Tá sé seo an-tábhachtach chun a chinntiú go n-eagrófar tástálacha breise má bhíonn siad de dhíth. Fiú i gcás go ndeachaigh tú faoi scagthástáil le haghaidh ailse putóige agus/nó faoi ionscópacht ar an drólann le déanaí, ba chóir go ndéanfar seic ar na siomptóim atá ort. Cuimhnigh, le do thoil, nach gciallaíonn na siomptóim sin i ngach cás go bhfuil ailse putóige ar dhuine.

Cad é mar is féidir liom an dóchúlacht go dtiocfaidh ailse putóige orm a laghdú?

Chomh maith leis an scagthástáil a dhéanamh gach dhá bhliain, is féidir leat do riosca a laghdú ach cloí le comhairle maidir le stíl mhaireachtála shláintiúil a bheith agat - Faigh tuilleadh eolais ag www.choosetolivebetter.com

- Ith cineálacha folláine bia, cúig phórsa toraidh agus glasraí gach lá ina measc, chomh maith le slánghráinní, pónairí agus piseánaigh le haghaidh snáithín. Ith a laghad feola deirge agus is féidir, go háirithe feoil dhearg phróiseáilte.
- Bí gníomhach.
- Déan cinnte go mbíonn do mheáchan sláintiúil.
- Cuir srian ar d'iontógáil alcóil.
- Cuir stad le tobac a chaitheamh – chun cuidiú a fháil gabh chuig www.stopsmokingni.info

Cad é mar a dhéanaim cinnte de go seolfar trealamh tástála chugam sa todhcháí?

Tugann cleachtas do dhochtúra ghinearálta do chuid sonraí teagmhála dúinn, mar sin de déan cinnte, le do thoil, go mbíonn an t-ainm, dáta breithe agus seoladh ceart acu duit i gcónaí.

Cad é a tharlóidh do mo shampla i ndiaidh é a thástáil?

Scríosfar do shampla i ndiaidh é a thástáil. Cuirfear na torthaí ar ríomhaire agus seolfar tástáil eile chugat i ndiaidh dhá bhliain.

Faisnéis cosanta sonraí

- Seolfar cóip de do thorthaí chuig do dhochtúir ginearálta.
- Ní mór d'oifig an chláir scagthástála ailse putóige taifid a choinneáil de na daoine uile a scagthástáladh agus de na torthaí a fuair siad.
- Is féidir go ndéanfaidh baill foirne atá ag obair don chlár do thaifid a fheiceáil agus a athbhreithniú.
- Baintear úsáid as an fhaisnéis sin chun a chinntiú go bhfuil an clár ag obair de réir an ardchaighdeáin a mbítear ag súil leis.
- Léirítear fosta san fhaisnéis cá mhéad cás ailse a aimsíodh agus is é an toradh atá uirthi go dtugtar an chóireáil chuí do dhaoine.
- Is féidir go ndéanfaidh muid athbhreithniú ar thorthaí scagthástála a bhí agat roimhe má thugtar diagnóis d'ailse putóige duit idir do choinní scagthástála. Beidh tú in ann torthaí an iniúchta sin a fheiceáil fosta más mian leat.
- Má tá aon fhaisnéis bhreise de dhíth ort maidir le conas a dhéantar do thaifid a choinneáil, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an líne chabhrach ar **0800 015 2514**

An mbeidh tú ag cuidiú le duine éigin an trealamh tástála a úsáid?

Más cúramóir thú, níor cheart duit cuidiú le duine éigin eile an trealamh scagthástála a úsáid ach amháin i gcás gur mian leis nó léi go ndéanfaí amhlaidh, agus i gcás gur aontaigh sé nó sí gur féidir leat é a dhéanamh.

Chun cuidiú nó comhairle a fháil

Gabh i dteagmháil, le do thoil, leis an líne chabhrach shaorghlao ar **0800 015 2514** má tá aon cheist agat.

Le haghaidh tuilleadh eolais gabh chuig:

nidirect.gov.uk/bowel-screening

Chun an bhileog seo a fháil i dteanga nó formáid eile gabh chuig:

<http://pha.site/bowel-cancer-screening-facts>

nó leathanach chúl na bileoige seo.

Do dhaoine atá bodhar nó a bhfuil lagurlabhra acu, is féidir Relay UK a úsáid. Dailigh ár líne chabhrach, le do thoil, ar **18001 0800 015 2514**.

Chun trealamh tástála ionaid a fháil

Gabh i dteagmháil leis an líne chabhrach shaorghlao ar 0800 015 2514 má tá trealamh tástála ionaid nó clúdach ionaid de dhíth. Ná gabh i dteagmháil le do dhochtúir ginearálta chun trealamh tástála ionaid a fháil nó chun do threalamh tástála a chur ar ais, cionn is nach féidir leo glacadh leis an trealamh scagthástála nó á chur ar fáil.

Cinneadh a dhéanamh gan a bheith páirteach sa scagthástáil

Is rogha phearsanta í páirt a ghlacadh sa scagthástáil. Gabh i dteagmháil, le do thoil, leis an líne chabhrach shaorghlao ar **0800 015 2514** má tá tú ag iarraidh labhairt faoi gan a bheith páirteach sa chlár scagthástála le haghaidh ailse putóige.



Chun an bhileog seo a fháil i dteanga nó formáid eile gabh chuig:

<http://pha.site/bowel-cancer-screening-facts>

nó déan an QR code thíos a scanadh.



Public Health Agency

12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.

Tel: 0300 555 0114 (ráta áitiúil).

www.publichealth.hscni.net

Tríd an idirlíon/na meáin shóisialta:

